



# Aonad 10

San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:

- 1 Rialacha an tséimhithe.
- 2 An struchtúr 'hata fhear an tí'.
- 3 An aidiacht aitreabúideach agus an aidiacht fhaisnéiseach.
- 4 Míreanna treise.
- 5 Bealaí le béim a chur ar fhocail faoi leith in abairt.
- 6 Plé ar dhearcadh daoine maidir le Gaeilge Chúige Uladh.

## 1 Cluas le héisteacht: bliain sa Bhriotáin



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Antaine Ó Donnale agus Anna Ní Bhroin síos ar thréimhsí a chaith siad sa Bhriotáin.

Sula n-amharcfaidh tú ar an fhíseán, tabhair faoin dá thasc thíos.

### Tasc 1

Cén cur amach atá agat ar an Bhriotáin agus ar chultúr na Briotáine? Scríobh nótaí leis an eolas atá agat a chur i láthair.

### Tasc 2

- Léigh na ceisteanna tuisceana 1–5.
  - Amharc ar an fhíseán ansin leis na freagraí a aimsiú.
- 1 Caidé na hábhair a bhí á dteagasc ag Antaine san ollscoil?
  - 2 Caidé na hábhair a raibh sé féin ag déanamh staidéar orthu?
  - 3 Cén leigheas a bhí aige ar an uaigneas a bhain le saol an bhaile mhóir?
  - 4 Caidé na dúshláin a bhí le sárú ag Anna agus í ag teagasc in Rennes?
  - 5 Tugann Anna sampla a léiríonn na deacrachtaí a bhí aici. Caidé a bhí ann?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 2 An Lia Gramadaí: an bhliain seo chaite nó an bhliain seo caite?

Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán eile ina dtéann Aodh Ó Gallchóir i ngleic le cruacheist ghramadaí. Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, tabhair faoin tasc seo thíos.

Déan taighde ar an dá théarma gramadaí seo:

- 1 Aidiacht aitreabúideach
- 2 Aidiacht fhaisnéiseach

Tabhair an t-eolas seo a leanas:

- Sainmhíniú ar chiall an dá théarma
- Samplaí a léiríonn úsáid an dá chineál aidiachta.



Amharc ar an fhíseán ansin, go bhfeicfidh tú an bhfuil tú féin agus Aodh ar aon fhocal.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 3 I ngleic leis an ghramadach: an séimhiú

Mhínigh Aodh Ó Gallchóir na míthuiscintí a bhaineann le haidiachtaí aitreabúideacha agus aidiachtaí faisnéiseacha. Sna nótaí seo, pléifear míthuiscint choitianta eile a bhíonn ann maidir leis an tséimhiú.

### Bata fear siúil

In Aonad 3, pléadh an struchtúr ‘bata fear siúil’. Míníodh gur aonad céille é ‘fear siúil’ agus moladh gan é a infhillleadh, fiú má tá rud inteacht roimhe a chuireann ainmfhocal sa tuiséal ghinideach de ghnáth, mar shampla ainm briathartha, réamhfhocal comhshuite nó ainmfhocal eile.

- clár ceoil + láithreoir = láithreoir clár ceoil
- foireann iománaíochta + bainisteoir = bainisteoir foireann iománaíochta

Ní hannamh, áfach, a chuirtear séimhiú ar thúsleitir an ionaid chéille, mar seo:

- láithreoir chlár ceoil 🗣️
- bainisteoir fhoireann iománaíochta 🗣️

Tá an séimhiú sin mícheart mar is ainmfhocail *éiginnte* atá sna haonaid chéille ‘clár ceoil’ agus ‘foireann iománaíochta’. Is cosúil go mbíonn riail eile ar fad ar intinn daoine nuair a chuireann siad séimhiú ar a leithéid – rialacha a bhaineann le aonaid chéille atá *cinnte*.

## Hata fhear an tí

Ainmfhocail chinnte atá sna haonaid chéille seo a leanas:

- fear an tí (an t-alt)
- Tír Eoghain (ainm dílis)
- teach mo dhearthár (aidiacht shealbhach)
- Siansa a Trí (cáilithe ag orduimhir)

Cuir i gcás go gcuirfí ainmfhocail, ainm briathartha nó réamhfhocail comhshuite roimh na haonaid chéille sin.

Go fóill féin, ní dhéanfaí iad a infhillleadh. Ina áit sin, chuirfí séimhiú ar thúsleitir an chéad fhocail:

- fear an tí + hata = hata fhear an tí
- Tír Eoghain + muintir = muintir Thír Eoghain
- teach mo dhearthár + os comhair = os comhair theach mo dhearthár
- Siansa a Trí + ag cumadh = ag cumadh Shiansa a Trí

Is minic a thugtar ‘hata fhear an tí’ ar an riail sin, ainm ar furasta cuimhne a choinneáil air. Caithfear a bheith faichilleach, mar úsáidtear an séimhiú le brónna éagsúla a chur in iúl. Tá ‘Cumann Sacair na hÉireann’ ceart mar is cumann sacair atá lonnaithe in Éirinn atá i gceist. Bheadh ciall eile le ‘Cumann Shacar na hÉireann’. Tugann sin le fios go bhfuil spórt ann ar a dtugtar ‘Sacar na hÉireann’ agus gurb é seo an cumann a bhíonn ag plé leis.

Críochnaigh na haistriúcháin Ghaeilge 1–10.

**1** The Irish Heart Foundation.

Foras \_\_\_\_\_

**2** Carrickfergus Community Centre.

Ionad \_\_\_\_\_ Charraig Fhearghais.

**3** End of Part One.

Deireadh \_\_\_\_\_

**4** The Dublin City University Cumann Gaelach’s Annual Dinner.

Dinnéar bliantúil \_\_\_\_\_

**5** Internet services provider.

Soláthraí \_\_\_\_\_

**6** End of year exam.

Scrúdú \_\_\_\_\_

**7** Once we had a teacher, we went looking for a classroom.

An uair amháin a bhí múinteoir againn, chuaigh muid a lorg \_\_\_\_\_

**8** It’s nice to relax after a long day’s work.

Is deas do scíste a dhéanamh i ndiaidh \_\_\_\_\_

**9** She’s director of a charity (cumann carthanachta).

Is stiúrthóir \_\_\_\_\_

**10** The programme tells the story of the Irish Coast Guard.

Sa chár seo, insítear scéal \_\_\_\_\_

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

## 4 I ngleic leis an ghramadach: cleachtadh

Cuir i gcás gur eagarthóir ar nuachtán Gaeilge thú. Caithfidh tú slacht a chur ar an alt seo, atá iontach lochtach maidir leis an tséimhiú de.

- Aimsigh na botúin agus ceartaigh iad.
- Scríobh nótaí ag míniú don iriseoir cad chuige a bhfuil siad mícheart.

Caithfidh idir polaiteoirí agus gnáthmhuintir na hÉireann dúshlán nósanna ólacháin na tíre a thabhairt, dar le hAoife Nic Ghiolla Domhnaigh, atá ina saineolaí ar an tsláinte poiblí. Ag labhairt di ag Comhdháil Bliantúil Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann, dúirt sí: “Tá an mheisce fhorleathan sa tír seo. I lár chathair Luimnigh, ar shráideanna an tSratha Bháin, bíonn daoine óga ar meisce agus, go rómhínic, ar dheargmheisce. Ní fadhb cathrach atá ann níos mó, ach galar náisiúnta a dhéanann scrios áit ar bith a bhfuil pub agus sráid.”

Cháin sí polaiteoirí a bhíonn ag síorchaint ar mhí-úsáid dhruagaí, “Fad is a bhíonn sláinte na ndaoine á chur i mbaol in óstáin agus i dtithe tábhairne le druga traidisiúnta na nÉireannach.” Cúis dhíomá ar leith, a deir sí, go ndiúltaíonn an Rialtas straitéis chuimsitheach a fhorbairt le dul i ngleic le *alcopops*, “a dhíoltar i mbuidéil deasa ildhaite ar praghas i bhfad ró-íseal.” Níor tháinig an earnáil thurasóireachta slán ón cháineadh ach oiread. “Tugtar le fios gurb é an pub an t-aon áit siamsaíochta atá ann. Murach an pub, bheadh muid fágtha gan cheol gan chuideachta, más fíor don fhógraíocht turasóireachta.”

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

## 5 Cúinne na héigse: cumadh na filíochta

Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina labhraíonn Caitlín Nic Íomhair, file, faoi chumadh na filíochta agus mar a thig dánta chuici.

Sula n-amharcfaidh tú ar an fhíseán, tabhair faoin dá thasc thíos.

### Tasc 1

Cuir Béarla ar na habairtí seo a deir Caitlín le linn an agallaimh.

- 1 Tá sé diamhair go leor, mar eispéireas.
- 2 Sin an rud a bhíogann thú.
- 3 Rud a rá go lom.
- 4 Imeoidh sé le sruth.
- 5 Gach uile rud a chaitheamh i dtraipisí.
- 6 Is geall le hiarracht fhoirfe gach píosa a scríobhann siad.
- 7 Tá an baol ann go mbeidh tú róbheadaí.
- 8 Ag útamáil barraíocht le focail.



## Tasc 2

Luann Caitlín na rudaí seo a leanas le linn an agallaimh. Caidé go díreach atá i gceist leo?

- 1 Meisce na ngrást
- 2 Geit na filíochta
- 3 Promhadh pinn
- 4 Timchaint
- 5 Samhail

Amharc ar an fhíseán ansin go gcluinfidh tú na focail agus na frásaí i gcomhthéacs.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 6 Cúinne na héigse: ‘Tobghrá’ le Caitlín Nic Íomhair

---

Amharc ar an fhíseán ina míníonn Caitlín an cúlra a bhaineann le dán a chum sí féin, ‘Tobghrá.’ Thig leat éisteacht leis an dán á léamh amach aici agus an téacs a léamh ar an scáileán.

Amharc ar an fhíseán agus scríobh roinnt nótaí faoin dóigh a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort.

- Caidé na mothúcháin a mhúscaíl sé ionat?
- Caidé a shíl tú den mheafar atá i gcroí an dáin?
- An bhfuil línte faoi leith a d’fhan i do chuimhne?
- Cén tionchar a d’imir fuaim na bhfocal agus rithim an dáin ort? (Léigh féin an dán os ard le léargas níos fearr a fháil ar cheol an dáin.)

## 7 An Lia Gramadaí: treise sa Ghaeilge

Amharc ar an fhíseán dheireanach de chuid Lia na Gramadaí, Aodh Ó Gallchóir. Cúrsaí foghraíochta atá faoi thrácht ag Aodh agus é ag cur comhairle orainn faoin dóigh cheart le béim a chur ar fhocail sa Ghaeilge.

Luann Aodh ‘na míreanna treise’, is é sin na deirí sin a chuirtear le focail le béim a chur orthu: ‘Tá sin ródhaor domhsa’ nó ‘Fútsa atá sé.’ Sin bealach amháin le treise a chur ar fhocal faoi leith san abairt, ach tá bealaí eile ann.

Léigh na habairtí Béarla thíos. Caidé mar a chuirfeá Gaeilge orthu agus an bhéim atá ar fhocail faoi leith a thabhairt slán?

- 1 **You** do it!
- 2 It's **Síle** I'm talking about.
- 3 Och, don't pay any attention to **him**.
- 4 Actually, I was born in **New York**.
- 5 I'm not angry, but **disappointed**.



Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 8 An chopail

Deirtear, corruair, go bhfuil úsáid na copailé 'is' i ndiaidh dul ar gcúl go mór i nGaeilge Uladh. Cuir i gcás, san áit a mbeadh 'Is scríbhneoir í' i gcanúintí áirithe, deir na hUltaigh 'Scríbhneoir atá inti'.

Le fírinne, tá an chopail 'i bhfolach' sa struchtúr sin. Thiofadh é a scríobh ar bhealach eile:

(Is) scríbhneoir atá inti.

Is léir an chopail a bheith ann nuair a bhíonn caint indíreach i gceist.

Deir sí gur scríbhneoir atá inti.

Caithfidh duine ar bith a bhíonn ag plé leis an Ghaeilge scríofa a bheith ábalta an chopail 'is' a úsáid mar is ceart. Is minic a bhíonn difríochtaí céille ann nach dtig a thabhairt slán gan an chopail a úsáid. Féach, mar shampla, an abairt Bhéarla seo.

Is Louise leaving today?

Thiofadh rudaí éagsúla a bheith i gceist ansin, ag brath ar chúrsaí béime.

- 1 Is **Louise** leaving today? (Is it Louise who is leaving today?)
- 2 Is Louise **leaving** today? (Is Louise actually leaving today?)
- 3 Is Louise leaving **today**? (Is it today Louise is leaving?)

Is furasta freastal ar chiall ach an abairte acu sin má bhaintear úsáid as an chopail.

- 1 An í Louise atá ag imeacht inniu?
- 2 An ag imeacht atá Louise inniu?
- 3 An inniu atá Louise ag imeacht?

Ó thaobh na stíle de, ní bhíonn téacs i bhfad ag iarraidh leadránach má bhíonn ‘tá’ nó ‘níl’ i dtús ach an abairte. Cuireann an chopail brí san abairt, agus cuireann ar ár gcumas béim a chur ar fhocail nó ar fhrásaí faoi leith.

Déan athscríobh ar na habairtí 1–15. Úsáid an chopail in ach an chás mar atá déanta sa tsampla. Tá cló iodálach ar an eolas a bhfuil béim le cur air.

**Sampla:** Chum Peadar Ó Doirnín an dán sin.  
(Ba é) Peadar Ó Doirnín a chum an dán sin.

- 1 Ó, tá tú *anseo*.
- 2 An bhfuil tú *ag magadh orm*?
- 3 Tá an siopa úr sin *ag foscailt amárach*.
- 4 Níl an locht *ar Mharcas*.
- 5 Tá mé *ag iarraidh cuidiú leat*.
- 6 Chuala mé an scéal *ar maidin*.
- 7 Cheannaigh Stiofán an mála seo domh.
- 8 Déanann *cleachtadh* máistreacht.
- 9 Tá an aimsir *ag dul in olcas* i rith an ama.
- 10 Tá Rann na Feirste *in iarthuaisceart Dhún na nGall*.
- 11 Dhéanfadh *drochdhuine* a leithéid sin.
- 12 Tháinig sí ar an tsaol *i mBéal Feirste*.
- 13 Níor dhúirt sé *focal liomsa*.
- 14 Bhí muid *sa bhaile* nuair a chuir na Gardaí scairt.
- 15 Itheann sí *bia folláin* i gcónaí.

## 9 Gaeilge Uladh: canúint a fhaigheann cothrom na Féinne?



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina labhraíonn Aodh Ó Gallchóir faoi dhearcadh daoine maidir le Gaeilge Uladh.

Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, léigh na ceisteanna thíos. Amharc ar an fhíseán ansin go gcluinfidh tú na ceisteanna á bhfreagairt ag Aodh.

- 1 Deir Aodh go bhfuil ‘dearcadh diúltach’ ag daoine áirithe maidir le Gaeilge Uladh. Cén míniú atá aige air sin?
- 2 Caidé an locht atá ag Aodh ar scoileanna dara leibhéal?
- 3 Caidé a spreag Aodh le heolas níos fearr a chur ar rialacha gramadaí?
- 4 Deir Aodh go bhfuil ‘rudaí i ndiaidh athrach go mór’ i dtaca leis na canúintí de. Caidé atá i gceist aige?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 10 Gaeilge Chúige Uladh: do dhearcadh féin

Chuala tú Aodh Ó Gallchóir ag caint faoina thaithí agus a dhearcadh féin ar chúrsaí canúna. Is é do shealsa anois é roinnt nótaí a scríobh ar an cheist chéanna.

- 1 Casadh daoine ar Aodh a bhí ag iarraidh a chuid Gaeilge ‘a cheartú’ nó a raibh dímheas acu ar Ghaeilge Uladh. Ar casadh a leithéid ortsa riamh? Scríobh cur síos ar an rud a tharla.
- 2 ‘B’fharr go mór mura mbeadh canúintí ar bith sa Ghaeilge, ach teanga chaighdeánach amháin ó cheann ceann na tíre.’ Scríobh nótaí le do dhearcadh faoin ráiteas sin a chur in iúl.
- 3 Deir Aodh go mbaineann sé sult as eolas a chur ar chanúintí eile. An bhfuil tusa mar an gcéanna? Cuir síos ar na gnéithe de Ghaeilge Chonnacht agus de Ghaeilge na Mumhan a bhfuil dúil agat iontu.
- 4 ‘Mothaím go bhfuil cur amach níos fearr agam ar an Ghaeilge, go háirithe ar Ghaeilge Uladh, i ndiaidh domh staidéar a dhéanamh ar na hábhair in *Céim ar Aghaidh*.’ Scríobh nótaí le do dhearcadh maidir leis an ráiteas sin a mhíniú. Má tá moltaí agat le *Céim ar Aghaidh* a dhéanamh níos fearr, cuir scéal chuig [eolas@aistear.ie](mailto:eolas@aistear.ie).



# Nótaí agus freagraí

## 1 Cluas le héisteacht: bliain sa Bhriotáin

---

**A** Cén cur amach atá agat ar an Bhriotáin agus ar chultúr na Briotáine? Scríobh nótaí leis an eolas atá agat a chur i láthair.

Fútsa atá sé tabhairt faoin tasc áirithe sin.

**B** Seo an méid a dúirt na cainteoirí i dtaobh na gceisteanna tuisceana.

**1** Caidé na hábhair a bhí á dteagasc ag Antaine san ollscoil?

Gaeilge agus stair na hÉireann.

**2** Caidé na hábhair a raibh sé féin ag déanamh staidéar orthu?

An Fhraincis agus an Bhriotáinis.

**3** Cén leigheas a bhí aige ar an uaigheas a bhain le saol an bhaile mhóir?

D'imigh sé ó Brest agus chónaigh i gceantar tuaithe i measc bhunadh na Briotáine.

**4** Caidé na dúshláin a bhí le sárú ag Anna agus í ag teagasc in Rennes?

Go gcaithfí an teagasc a dhéanamh i bhFraincis. Sin agus nach raibh oiread agus focal amháin Gaeilge ag na mic léinn.

**5** Tugann Anna sampla a léiríonn na deacrachtaí a bhí aici. Caidé a bhí ann?

Fuaimniú an fhocail 'naoi.'

## 2 An Lia Gramadaí: an bhliain seo chaite nó an bhliain seo caite?

---

Is é is aidiacht aitreabúideach ann aidiacht a thig díreach i ndiaidh an ainmfhocail atá á cháiliú aici, gan briathar ar bith a bheith ann mar nasc eatarthu, mar shampla 'farraige garbh', 'oíche dhorcha'. Tá impleachtaí aige seo ó thaobh na gramadaí de: cuirtear séimhiú ar aidiacht aitreabúideach atá ag cáiliú ainmfhocal baininscneach.

I gcás aidiacht fhaisnéiseach, bíonn briathar mar nasc idir an t-ainmfhocal agus an aidiacht: 'Tá an fharraige garbh', 'Bhí an oíche dhorcha'. Ní shéimhítear aidiacht fhaisnéiseach fiú más ainmfhocal baininscneach atá á cháiliú aici.

### 3 I ngleic leis an ghramadach: an séimhiú

---

**1** The Irish Heart Foundation.

Foras Croí na hÉireann. Bheadh ciall eile ar fad le 'Foras Chroí na hÉireann': *the Foundation of the Heart of Ireland.*

**2** Carrickfergus Community Centre.

Ionad Pobail Charraig Fhearghais. Is ionad pobail atá lonnaithe i gCarraig Fhearghais atá ann. Bheadh ciall bheag eile le 'Ionad Phobal Charraig Fhearghais': *the Centre of the Community of Carrickfergus.*

**3** End of Part One.

Deireadh Chuid a hAon. Tá séimhiú ar 'cuid' toisc gur ainmfhocal cinnte atá ann, atá cáilithe ag orduimhir. Dar ndóigh, tá bealaí ann le teacht timpeall ar na dúshláin ghramadaí. Ní bheadh locht ar bith ar 'Deireadh le Cuid a hAon.'

**4** The Dublin City University Cumann Gaelach's Annual Dinner.

Dinnéar bliantúil Chumann Gaelach Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**5** Internet services provider.

Soláthraí seirbhísí idirlín. Níl feidhm ar bith le séimhiú mar is aonad céille éiginnte atá i 'seirbhísí idirlín.'

**6** End of year exam.

Scrúdú deireadh bliana nó scrúdú dheireadh na bliana.

**7** Once we had a teacher, we went looking for a classroom.

An uair amháin a bhí múinteoir againn, chuaigh muid a lorg seomra ranga. Is aonad céille éiginnte atá i 'seomra ranga.'

**8** It's nice to relax after a long day's work.

Is deas do scíste a dhéanamh i ndiaidh lá fada oibre.

**9** She's director of a charity (cumann carthanachta).

Is stiúrthóir cumann carthanachta í. Thiocfadh seo a scríobh ach oiread: Is stiúrthóir ar chumann carthanachta í.

**10** The programme tells the story of the Irish Coast Guard.

Sa chlár seo, insítear scéal Gharda Cósta na hÉireann. Is é 'Garda Cósta' an t-aonad céille.

## 4 I ngleic leis an ghramadach: cleachtadh

Seo thíos ceartú agus míniú ar na hearráidí san alt.

Caithfidh idir polaiteoirí agus gnáthmhuintir<sup>1</sup> na hÉireann dúshlán nósanna ólacháin na tíre a thabhairt, dar le hAoife Nic Ghiolla Domhnaigh,<sup>2</sup> atá ina saineolaí ar an tsláinte poiblí.<sup>3</sup> Ag labhairt di ag Comhdháil Bliantúil<sup>4</sup> Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann,<sup>5</sup> dúirt sí: “Tá an mheisce fhorleathan<sup>6</sup> sa tír seo. I lár chathair Luimnigh, ar shráideanna an tSratha Bháin,<sup>7</sup> bíonn daoine óga ar meisce agus, go rómhinic, ar dheargmheisce.<sup>8</sup> Ní fadhb cathrach<sup>9</sup> atá ann níos mó, ach galar náisiúnta a dhéanann scrios áit ar bith a bhfuil pub agus sráid.”

Cháin sí polaiteoirí a bhíonn ag síorchaint ar mhí-úsáid dhruaí,<sup>10</sup> “Fad is a bhíonn sláinte na ndaoine á chur i mbaoil<sup>11</sup> in óstáin agus i dtithe tábhairne le druga traidisiúnta na nÉireannach.” Cúis dhíomá<sup>12</sup> ar leith, a deir sí, go ndiúltaíonn an Rialtas straitéis chuimsitheach a fhorbairt le dul i ngleic le *alcopops*, “a dhíoltar i mbuidéil deasa<sup>13</sup> ildhaite<sup>14</sup> ar praghas<sup>15</sup> i bhfad ró-íseal.” Níor tháinig an earnáil thurasóireachta<sup>16</sup> slán ón cháineadh ach oiread. “Tugtar le fios gurb é an pub an t-aon áit siamsaíochta atá ann. Murach an pub, bheadh muid fágtha gan cheol gan chuideachta, más fíor don fhógraíocht turasóireachta.”

- 1** *Caithfidh idir pholaiteoirí agus gnáthmhuintir na hÉireann...* Is gnách go mbíonn séimhiú ar na hainmfhocail nuair a úsáidtear ‘idir’ sa chiall ‘araon’: ‘Tá idir ghasúraí agus ghirseachaí ar an scoil sin.’
- 2** *Aoife Nic Giolla Domhnaigh...* Ní bhíonn séimhiú idir ‘c’ agus ‘g’ i sloinnte: ‘teach Sheáin Mhic Corráin’, ‘Bríd Bean Mhic Grianna’.
- 3** *an tsláinte phoiblí...* Aidiacht aitreabúideach atá in ‘poiblí’.
- 4** *Comhdháil Bhlíantúil...* Aidiacht aitreabúideach atá in ‘bliantúil’.
- 5** *Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann...* Ainm dílis atá in ainm na heagraíochta seo, ar aon dul le ‘Cumann Lúthchleas Gael’.
- 6** *Tá an mheisce forleathan...* Is aidiacht fhaisnéiseach atá i ‘forleathan’ agus níor cheart é a shéimhiú.
- 7** *ar shráideanna an tSratha Báin...* Bheifeá ag súil le séimhiú ar an aidiacht ‘bán’ de réir rialacha na Nua-Ghaeilge, ach is iomaí seanriail ghramadaí atá ‘reuite’ i logainmneacha Gaeilge. I roinnt logainmneacha seanbhunaithe, ní shéimhítear i ndiaidh ainmfhocal a chríochnaíonn le guta. Is fiú i gcónaí an leagan ginideach den logainm a sheiceáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).
- 8** *ar deargmheisce...* Ní shéimhítear i ndiaidh ‘ar’ de ghnáth nuair is staid atá i gceist: ‘ar bord’, ‘ar dóigh’. Is fíor go mbíonn séimhiú ar a leithéid má tá an focal cáilithe ar bhealach éigin, mar shampla ‘ar cíós’ ach ‘ar chíós mór’. Ach ní leor réimír leis an riail áirithe sin a chur i bhfeidhm: ‘ar drochchaighdeán’, ‘ar comhchéim’, ‘ar deargbhuile’.
- 9** *fadhb chathrach...* Ainmfhocal baininscneach atá in ‘fadhb’.

- 10** *ar mhí-úsáid drugaí...* Ní bhíonn séimhiú idir ainmfhocail áit a dtagann DNTLS le chéile: ‘bean déirce’, ‘cúirt dúiche’, ‘institiúid taighde.’
- 11** *á cur i mbaol...* Ainmfhocal baininsneach atá i ‘sláinte’ agus is forainm baininsneach a úsáidtear leis: ‘tá sláinte daoine á cur i mbaol.’
- 12** *Cúis díomá...* Féach 10 thuas.
- 13** *i mbuidéil dheasa...* Is fíor nach mbíonn séimhiú idir ainmfhocail áit a dtagann DNTLS le chéile, ach is aidiacht aitreabúideach atá in ‘deas’.
- 14** *ildaite...* Ní bhíonn séimhiú i gcomhfhocail áit a dtig DNTLS le chéile: ‘cúldoras’, ‘spotsolas’, ‘bándearg.’
- 15** *ar phraghas i bhfad ró-íseal.* Ní gnách go gcuireann ‘ar’ séimhiú i leaganacha mar ‘ar muir’ nó ‘ar cíós’. Ach séimhítear má bhíonn cáiliú ann: ‘ar Mhuir Éireann’ nó ‘ar chíos measartha’. Tá sampla seo, tá ‘praghas’ cáilithe ag ‘i bhfad ró-íseal.’
- 16** *an earnáil turasóireachta...* Féach 10 thuas.

Is mar seo a bheadh an t-alt i ndiaidh na ceartúcháin uilig a dhéanamh.

Caithfidh idir pholaiteoirí agus ghnáthmhuintir na hÉireann dúshlán nósanna ólacháin na tíre a thabhairt, dar le hAoife Nic Giolla Domhnaigh, atá ina saineolaí ar an tsláinte phoiblí. Ag labhairt di ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann, dúirt sí: “Tá an mheisce forleathan sa tír seo. I lár chathair Luimnigh, ar shráideanna an tSratha Báin, bíonn daoine óga ar meisce agus, go rómhinic, ar deargmheisce. Ní fadhb chathrach atá ann níos mó, ach galar náisiúnta a dhéanann scrios áit ar bith a bhfuil pub agus sráid.”

Cháin sí polaiteoirí a bhíonn ag síorchaint ar mhí-úsáid drugaí, “Fad is a bhíonn sláinte na ndaoine á cur i mbaol in óstáin agus i dtithe tábhairne le druga traidisiúnta na nÉireannach.” Cúis díomá ar leith, a deir sí, go ndiúltaíonn an Rialtas straitéis chuimsitheach a fhorbairt le dul i ngleic le *alcopops*, “a dhóltar i mbuidéil dheasa ildaite ar phraghas i bhfad ró-íseal.” Níor tháinig an earnáil turasóireachta slán ón cháineadh ach oiread. “Tugtar le fios gurb é an pub an t-aon áit siamsaíochta atá ann. Murach an pub, bheadh muid fágtha gan cheol gan chuideachta, más fíor don fhógraíocht turasóireachta.”

## 5 Cúinne na héigse: cumadh na filíochta

---

### Tasc 1

1 Tá sé diamhair go leor, mar eispéireas. / *It's quite a mysterious process.*

Tabhair faoi deara mar a úsáidtear an focal 'mar' in abairtí mar seo: 'Duine suaimhneach atá ann, mar Mhánas.'

2 Sin an rud a bhíogann thú. / *That's what stirs/energises you.*

3 Rud a rá go lom. / *To say something plainly.*

4 Imeoidh sé le sruth. / *It will be lost/wasted.*

5 Gach uile rud a chaitheamh i dtraipisí. / *To throw everything to one side.*

6 Is geall le hiarracht fhoirfe gach píosa a scríobhann siad. / *It's as if every piece they write is a perfect effort.*

Is frása iontach úsáideach 'is geall le': 'Is geall le sos malairt oibre.'

7 Tá an baol ann go mbeidh tú róbheadaí. / *There's a danger that you'll be too choosy.*

8 Ag útamáil barraíocht le focail. / *Mucking about too much with words.*

### Tasc 2

1 Meisce na ngrást: sin an t-ainm a thugann Bidy Jenkinson, file, ar an uair a thig inspioráid chuig an scríbhneoir. Chuir Bidy casadh i gciall an natha seo; ciallaíonn sé 'caoch ólta' de ghnáth.

2 Geit na filíochta: sin an t-ainm a thug Seán Ó Ríordáin, file, ar an uair a thig inspioráid chuig an fhile.

3 Promhadh pinn: cleachtadh scríbhneoireachta.

4 Timchaint: bealach le rud inteacht a rá go hindíreach.

5 Samhail: íomhá nó focal a chuireann rud eile in iúl.

## 7 An Lia Gramadaí: treise sa Ghaeilge

---

### 1 **You** do it!

‘Déan féin é!’ nó ‘déan tusa é.’ Tabhair faoi deara go mbíonn séimhiú ar ‘tusa’ agus ‘sibhse’ i nGaeilge Uladh: ‘Déan thusa é!’ nó ‘déanaigí shibhse é!’

### 2 It’s **Síle** I’m talking about.

An rud atá le seachnadh anseo ná ‘Tá mé ag caint faoi **Shíle**’. Le béim a chur ar ‘Síle’, caithfear í a thabhairt go tús na habairte: ‘(Is) faoi Shíle atá mé ag caint.’

### 3 Och, don’t pay any attention to **him**.

Thig úsáid a bhaint as míreanna taispeántacha ‘seo’, ‘sin’ agus ‘siúd’ le béim a chur ar fhocal. ‘Och, ná tabhair aird ar bith air siúd.’ Bheadh ‘Ná tabhair aird ar bith airsean’ ceart fosta.

### 4 Actually, I was born in **New York**.

Arís, is i dtús na habairte ba cheart ‘Nua-Eabhrac’ a bheith: ‘Dáiríre, is i Nua-Eabhrac a rugadh mé.’

### 5 I’m not angry, but **disappointed**.

Abairt lag go leor a bheadh ann dá mbeifí ag brath ar an bhriathar ‘bí’: ‘Níl fearg orm, ach tá díomá orm.’ Is fearr an chopail a úsáid: ‘Ní fearg atá orm, ach díomá.’

## 9 Gaeilge Uladh: canúint a fhaigheann cothrom na Féinne?

---

### 1 Deir Aodh go bhfuil ‘dearcadh diúltach’ ag daoine áirithe maidir le Gaeilge Uladh. Cén míniú atá aige air sin?

Easpa tuigbheála agus easpa Gaeilge. Dá mbeadh an Ghaeilge acu mar is ceart, ní bheadh deacracht ar bith acu canúintí eile a thuigbheáil.

### 2 Caidé an locht atá Aodh ar scoileanna dara leibhéal?

Tá barúil ag Aodh nach gcuirtear daltaí dara leibhéal i dteagmháil le réimse leathan canúintí. Caithfear feabhas a chur ar an ‘ionchur teanga’ sna scoileanna.

### 3 Caidé a spreag Aodh le heolas níos fearr a chur ar rialacha gramadaí?

Sa chéad bhliain ollscoile, bhíothas ag iarraidh air éirí as an chanúint féin. Rinne sé staidéar ar an ghramadach le go dtiocfadh leis a chanúint féin a chosaint.

### 4 Deir Aodh go bhfuil ‘rudaí i ndiaidh athrach go mór’ i dtaca leis na canúintí de. Caidé atá i gceist aige?

Measann sé nach mbíonn a oiread imní ar dhaoine faoi na canúintí níos mó. Cluin siad canúintí a chéile ar TG4 agus ar Raidió na Gaeltachta agus ag ócáidí náisiúnta mar Oireachtas na Gaeilge.

# Scripteanna

## 1 Cluas le héisteacht: bliain sa Bhriotáin

### Antaine Ó Donnaile

Chaith mé seal sa Bhriotáin nuair a bhí mé ar an choláiste. Bhí mé ag déanamh iarchéime ag an am. Agus bhí sé de phribhléid agam airgead Erasmus, agus scéim Erasmus a dhéanamh. Agus chaith mé seal i mBrest na Briotáine.

Agus bhí mé amuigh an t-am sin ag foghlaim Fraincise, nár éirigh liom go rómhaith... agus ag iarraidh Briotáinis a fhoghlaim chomh maith.

Agus bhí mé ann, mar Ghael ansin, ag teagasc Gaeilge agus ag teagasc stair na hÉireann do na mic léinn amuigh ansin i nBrest. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm ach, caithfidh mé a rá go raibh mé iontach, iontach uaigneach ag an am. Mhothaigh mé go raibh cultúr na mac léinn cineál... Bhí siad cineál príobháideach agus ciúin. Agus níor chuir siad sonrú,<sup>1</sup> mórán, ionam, san ollscoil.

Agus, an rud a rinne mé ná chuaigh mé amach faoin tuath. Amach ó Brest agus chónaigh mé ar feadh cúpla mí le bundúchasaithe<sup>2</sup> de chuid na Briotáine. Agus chuaigh sin i bhfeidhm go mór orm. Mar is pobal, is Gaeil...well, ní... is Ceiltigh iad. *You know*, mhothaigh mé an gaol leo agus mhothaigh mé go raibh mé páirteach sa phobal ina raibh mé. Pobal beag tuaithe. Agus bhí scoileanna acu<sup>3</sup> agus bhí nósanna acu. Bhí céilithe acu – *Fest Noz*<sup>4</sup> agus a leithéid sin.

So, bhí mé sa bhaile an t-am sin. Ach nuair a bhí muid in Brest,<sup>5</sup> mhothaigh mé go raibh mé i mo strainséir ann. Ach thaitin sé go mór liom a bheith ag staidéar ann.

- 1** ...sonrú... Tabhair faoi deara gur fuaim shrónach atá i lár an fhocail.
- 2** ...bundúchasaithe... Is é a bheadh sa Chaighdeán Oifigiúil 'bundúchasaigh'. Bíonn iolra an ainmfhocail iontach neamhrialta sa Ghaeilge labhartha.
- 3** ...bhí scoileanna acu... Tá Antaine ag trácht ar na scoileanna Briotáinise, macasamhail Ghaelscoileanna na hÉireann, atá ag fás is ag forbairt ar fud na Briotáine.
- 4** ...Fest Noz... Féilte ceol agus damhsa traidisiúnta.
- 5** ...in Brest... Deir Antaine 'i mBrest' agus 'in Brest'. Sa ghnáthchaint, bíonn daoine anonn is anall idir 'i' agus 'in' nuair is logainmneacha eachtrannacha atá i gceist. Sa Ghaeilge scríofa, is gnách 'in' a úsáid ach amháin más príomhchathair nó logainm atá sa Ghaeilge le fada atá i gceist: 'i mBeirlín', 'i Maidrid' ach 'in Stuttgart', 'in Baton Rouge.'

## Anna Ní Bhroin

Nuair a bhí mo chéim bainte amach ansin agam in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin, fuair mé deis imeacht ar ais chun na Fraince. Chaith mé bliain sa Bhriotáin, san ollscoil ansin in Rennes, ag teagasc na Gaeilge. Agus, is dóiche, bhí dúshlán ar leith ansin a bheith ag teagasc na Gaeilge fríd<sup>1</sup> mheán na Fraincise.

*But* is dóiche gur rud iontach a bhí ansin fosta – tá mé ag déanamh gurb é. Chuir mé aithne<sup>2</sup> i bhfad níos fearr ar mo theangaidh féin nó go raibh agam í a mhíniú. Chan amháin i mo theangaidh féin ach í a mhíniú i bhFraincis. So, chuir mé aithne i bhfad níos fearr ar an Ghaeilge le linn na bliana sin. Chan amháin sin, d’fhoghlaim mé cuid mhór Fraincise fosta.

Agus bhí spéis mhór ag na mic léinn sa Ghaeilge. Dúshlán a bhí ansin ach rud a bhí ann a bhí iontach úsáideach fosta, ná go raibh agat theacht chuige ar bhealach inteacht eile. In Éirinn, nuair a bhíonn muid ag teagasc daoine, agus ag teagasc daoine fásta – agus rinne mé féin roinnt den obair sin, anuas fríd na bliantaí – nuair atá tú ag teagasc daoine nach bhfuil cúlra ar bith ar chor ar bith acu sa teangaidh agus nach ndearna staidéar ar bith ar an teangaidh ar an scoil. Níl an rud is bunúsáí acu. Níl siad ábalta cuntas fiú amháin óna haon go dtí a deich. Agus iad ag streachailt leis na huimhreacha.

Agus is cuimhin liom i gcónaí, sa rang, agus ba chuma cén rang a thiocfadh isteach, bhí deacracht i gcónaí leis an uimhir ‘naoi’. Leis an fhoghraíocht a bhain leis an uimhir ‘naoi’. Bíonn ‘nóigh’ agus ‘nigh’ agus ‘náigh’ agus bhí siad ag rá i gcónaí gcónaí gcónaí, ‘Abair uair amháin eile é. *Just*, abair an focal sin arís. Uimhir a naoi.’

So, sin chomh<sup>3</sup> dúshlánach leis an...sin chomh deacair agus a bhí sé. *But*, bhí spórt ar dóigh ag baint leis fosta.

**1** ...fríd mheán na Fraincise... I nGaeilge Uladh, deirtear ‘fríd’ in áit na bhfoirmeacha éagsúla den réamhfhocail ‘trí’ atá sa Chaighdeán Oifigiúil, beag beann ar uimhir agus ar an alt.

- trí mheán na Fraincise > fríd mheán na Fraincise
- tríd an fhuinneog > fríd an fhuinneog
- trí na doirse > fríd na doirse

**2** ...aithne... Is gnách ‘aithne’ a chur ar dhaoine agus ‘eolas’ a chur ar rudaí.

**3** ...chomh dúshlánach... Is é a deir Anna, ‘go dúshlánach’, fuaimniú atá iontach coitianta i dTír Chonail.



## 2 An Lia Gramadaí: an bhliain seo chaite nó an bhliain seo caite?

---

‘An bhliain seo chaite’ nó ‘an bhliain seo caite’? Cén ceann atá ceart?

Tá cúiseanna éagsúla leis an mhíthuiscint seo. Ar dtús, is é ‘an bhliain seo caite’ an leagan ceart. Gan séimhiú. Bíodh sin mar atá, bíonn séimhiú againn sa struchtúr, ‘an bhliain seo chugainn’ agus b’fhéidir go bhfuil baint aige sin leis an mhíthuiscint seo.

Cúis eile leis an mhíthuiscint ná go gceapann daoine, b’fhéidir, gur cheart daofa séimhiú a chur ar ‘caite’ i ndiaidh an fhocail ‘bliain’ de thairbhe gur ainmfhocal baininscneach é sin. Gan dul i bhfad scéil leis seo, ní mar sin atá.

‘Aidiacht fhaisnéiseach’ atá san fhocal ‘caite’ sa chás seo, ní ‘aidiacht aitreabúideach.’ Le haidiacht aitreabúideach, bíonn nasc díreach idir an aidiacht agus an t-ainmfhocal. Agus tig an aidiacht díreach i ndiaidh an ainmfhocal i gcónaí: ‘leanbh beag’, ‘cathair ghlórach’, cuir i gcás.

Le haidiacht fhaisnéiseach, is minic a bhíonn muid ag brath ar bhriathar le nasc a dhéanamh idir an aidiacht agus an t-ainmfhocal: ‘leanbh atá beag’ nó ‘cathair atá glórach’, cuir i gcás.

Ina dhiaidh sin uilig, tá roghanna eile ag an chainteoir Gaeilge. In áit ‘an bhliain seo caite’, nach dtiocfaí ‘anuraidh’ a ráit? Nó, in áit, ‘an tseachtain seo caite,’ níor mhiste ‘an tseachtain seo a chuaigh thart’ nó ‘an tseachtain seo a d’imigh tharainn’ a ráit.

Cibé rud a dhéanfaidh sibh, nó a déarfaidh sibh, bígí cúramach gan ‘seo chaite’ a ráit.

## 5 Cúinne na héigse: cumadh na filíochta

---

Tá sé diamhair go leor, mar eispéireas. *Well*, tá dhá ghné ann, is dóigh. Ag an tús, tá an inspioráid. Agus, nuair a thagann an inspioráid, bíonn tú – sin an píosa atá pléisiúrtha. Tugann Bidy Jenkinson ‘meisce na ngrást’ air. Agus bíonn Seán Ó Ríordáin ag caint faoi ‘gheit’. *So*, ‘geit na filíochta.’ Sin an rud a bhíogann tú agus a mhúsclaíonn tú.<sup>1</sup> Níl smacht agat air sin. Tarlaíonn sé nuair a tharlaíonn sé. Tíocfaidh sé nuair a thíocfaidh sé. Ní thig leat é a mhealladh chugat. Tá promhadh pinn ann, agus tá sé sin an-tábhachtach. Sin an obair a dhéanann tú roimh ré chun do scileanna teanga a fhorbairt nó chun tuiscint a bheith agat ar mheadarachtaí agus ar, b’fhéidir...timchaint agus bealaí le rudaí a chur in iúl seachas rud a rá go lom.

Ach an inspioráid féin, ní dóigh liom gur asatsa a thagann sé. Is dócha gur rud, a bhuaileann tú san éadan, ar shlí. Tá sé sin an-phléisiúrtha. Go hiondúil, domhsa, tarlaíonn sé nuair atá mé amuigh ag siúl. Nuair atá an corp ag déanamh rud éigin agus an cloigeann ar shiúl, ag déanamh rud éigin eile. Agus caithfidh tú, tá sé tugtha faoi deara agam, go gcaithfidh tú an deis a thapú nuair a thagann sé. *So*, má thosaíonn tú... Má thagann smaoineamh nó samhail nó líne chugat, agus mura nglacann tú leis an deis sin, imeoidh sé le sruth. Agus ní bheidh fágtha ach cineál, mar a bheadh sceitse nó rud éigin ann. *So*, tá sé an-tábhachtach cloí leis an rud a thagann chugat agus gach uile rud a chaitheamh i dtraipisí agus a rá: *No*, tá mé chun seo a dhéanamh anois.’

An dara gné ná an eagarthóireacht. Agus tá sé sin pianmhar agus fada agus ní bhíonn críoch ar bith leis. Agus is scil faoi leith é sin. Tá an baol ann go ndéanfaidh tú barraíocht de. Tá an baol ann nach ndéanfaidh tú go leor de. Tá go leor leor filí agus is geall le... iarracht fhoirfe gach píosa a scríobhann siad. Agus ní thuigfidh siad riamh an locht agus an saothrú atá de dhíth.

So, sin ceann de na deacrachtaí, cineál, a bhaineas le heagarthóireacht a dhéanamh ar shaothar daoine eile. Gan amhras, ní maith le duine ar bith go bhfaightear locht ar rud a scríobh siad. *You know*, is cineál, tugann Biddy Jenkinson *post-natal glow* nó *post-natal halo* – rud éigin mar sin – ar an dóigh a mbreathnaíonn tú ar rud úr a scríobh tú. Bíonn tú faoi dhraíocht aige.

Ansin tá an dara, sórt, baol ann, go mbeidh tú róghéar. *You know*, go mbeidh tú róbhheadaí. Agus go maróidh tú an rud atá beo ann toisc gur phioc tú, toisc go raibh tú ag útamáil barraíocht le focail. So, tá an taobh sin an-deacair agus tagann sé le filíocht mhaith a léamh. Agus le bheith dian ort féin, is dóigh, ar bhealach criticiúil agus ar bhealach mothalach<sup>2</sup> chomh maith. ‘An bhfuil sé seo ionraic? An bhfuil sé ag teacht ón chroí? Nó an bhfuil tú, go díreach, ag iarraidh a bheith glic?’

Sin an bhuncheist.

- 1 ...*a bhíogann tú agus a mhúsclaíonn tú...* Is cuspóir atá san fhorainm ‘tú’ san abairt seo. Dá bhrí sin, bheifeá ag súil le ‘a bhíogann thú agus a mhúsclaíonn thú.’ Bíodh sin mar atá, úsáidtear an dá fhoirm sa ghnáthchaint, mar a mhínigh Dónall Ó Baoill in *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh* (ITÉ, 1996): ‘Bíonn malartú go minic idir *tú/thú* nuair is cuspóir abairte iad.’ Tugann sé na samplaí ‘Chonaic na páistí tú/thú’ agus ‘Má chuireann sé tusa/thusa chun an tsiopa, ná gabh.’
- 2 ...*ar bhealach mothalach...* Is ionann seo agus ‘ar bhealach mothúcháinach’ nó ‘ó thaobh na mothúchán de’.

## 6 Cúinne na héigse: ‘Tobghrá’ le Caitlín Nic Íomhair

Ní cuimhin liom cá huair a scríobh mé an dán seo ach is cuimhin liom an cúlra atá leis. Go minic, ní bhíonn cuimhní an-láidir agam faoi... faoi dhán a scríobh mé. Ach is dóigh gur sampla é seo den rud a raibh mé ag caint air níos luaithe, faoi... gur bealach cineál neamhdhíreach é le dul i ngleic le rud. Bíonn tú, sórt... gur timchaint ar rud atá an-íogair agus an-fhírinneach atá i gceist. Níl a fhios agam cén fáth arb é an meafar a tháinig chugam ná potaí créafóige, ach sin an rud a tharla. Mar sin, léifidh mé an dán.

### Tobghrá

Tá mé ag crúbáil san fhírinne,  
tóraíocht chostarnocht ar ghiotaí géara seanghrá  
le cinntiú nár mé ba chiontaí  
as tost agus cantal ár meatha.

Grinním a dtimpeallaíonn:  
potaí créafóige mo thráthghrá.  
An ceann seo ina phúdar mín  
bog faoi mo chosa  
ag síothlú trí mo lámha  
má bheirim greim air.

Ceann thall atá foirfe  
murach a bhun bheith scriosta  
is le gach iarracht deisiúcháin  
cailtear píosa eile.

Agus ceann s’againne romham -  
nár léim mé air go fóill  
nár iompaíodh, ach ar éigean, droim in airde  
ag dúil le litir ghrá i bhfolach.

Níl de smál air i ndáiríre  
ach seanfhuil ár seacht ndíchill  
sceach a shá i mbéal bearna  
dofheicthe.

Is é is deise liom fós  
téann fuil le *terracotta* –  
ach mar a d’fhoghlaim go pianmhar,  
titeann gach braon as ár bpota.

## 7 An Lia Gramadaí: treise sa Ghaeilge

---

### Aodh Ó Gallchóir

An bhfuil sé ceart béim a chur ar an aidiacht shealbhach díreach mar a dhéantar sa Bhéarla? An bhfuil sé ceart, ‘Sin **mo** pheann’ a ráit, mar shampla?

Anois, sin gnáthrud sa Bhéarla. Tá sé nádúrtha go leor, go háirithe nuair a bhíonn dealú á dhéanamh ag duine. Déarfadh duine, mar shampla, *That’s **my** book* nó *Is that **yours**?* Bheadh an rud céanna sin iontach iontach mínádúrtha sa Ghaeilge. Cuir i gcás dá ndéarfadh duine, ‘Sin **mo** cheann.’ *Well*, níl sin ag teacht le dúchas na Gaeilge ar chor ar bith. Is é an rud a déarfadh an cainteoir Gaeilge sa chás sin ná, ‘Sin mo cheannsa’ nó ‘Liomsa é sin.’

Mar a léiríodh sa chéad sampla sin, is é an nós atá againn sa teangaidh seo ná ruball<sup>1</sup> beag a chur ar an ainmfhocal ar mhaithe le béim a chur air. ‘An fhoirm threise’ a thugann muid air sin. Bhéarfaidh mé cúpla sampla anois daoibh. An chéad sampla: ‘Níl cochall ar bith ar mo chótasa.’ An darna ceann: ‘Caithfidh tú an scéal a thuigbheáil ónár dtaobhna de.’

Anois, rud eile a thig a dhéanamh ná struchtúr mar seo a úsáid, ‘Níl cochall ar bith ar chóta s’agamsa’ nó ‘Caithfidh tú an scéal a thuigbheáil ó thaobh s’againne de.’

Dóigh amháin nó an dóigh eile, cuimhníge go bhfuil cúpla rogha<sup>2</sup> ansin agaibh agus nár cheart an bhéim sin ar an aidiacht shealbhach sa chaint a thabhairt trasna ón Bhéarla.

- 1 ...*ruball*... Leagan Ultach de ‘eireaball’.
- 2 ...*rogha*... Tabhair faoi deara gur ‘ré’ a deir Aodh. Is mar sin a fhuaimnítear an focal i nGaeilge Thír Chonaill.

## 8 An chopail

---

- 1 Ó, anseo atá tú.
- 2 An ag magadh orm atá tú?
- 3 Amárach atá an siopa úr sin ag foscailt.
- 4 Ní ar Mharcas atá an locht.
- 5 Ag iarraidh cuidiú leat atá mé.
- 6 Ar maidin a chuala mé an scéal.
- 7 Stiofán a cheannaigh an mála seo domh.
- 8 Cleachtadh a dhéanann máistreacht.
- 9 (Is) ag dul in olcas atá an aimsir i rith an ama.
- 10 In iarthuaisceart Dhún na nGall atá Rann na Feirste.
- 11 Drochdhuine a dhéanfadh a leithéid sin.
- 12 I mBéal Feirste a tháinig sí ar an tsaol.
- 13 Focal níor dhúirt sé liomsa.
- 14 Sa bhaile a bhí muid nuair a chuir na Gardaí scairt.
- 15 Bia folláin a itheann sí i gcónaí.

## 9 Gaeilge Uladh: canúint a fhaigheann cothrom na Féinne?

### Aodh Ó Gallchóir

Stádas Ghaeilge Dhún na nGall, mar sin. Níl amhras ar bith fá dtaobh de ná go bhfuil dearcadh diúltach ag daoine áirithe. Sílim féin gur easpa tuigbheála, nó, corruair, easpa Gaeilge, is cúis leis sin. Léar mór de na daoine seo a bhíonn ag gearán faoi Ghaeilge Uladh, nó fá chanúint ar bith i ndáiríre, daoine iad nach dtuigeann na canúintí eile cibé.

Anois, ní sin achan duine, agus tá ceisteanna eile le freagairt<sup>1</sup> ansin. Sílim, sa chóras oideachais, go háirithe ag an darna leibhéal, b'fhéidir go bhfuil faillí á déanamh ansin, ceart go leor. Nach bhfaigheann daoine ionchur ceart teangaidh ó na canúintí éagsúla agus go mbíonn... Bíonn eagla orthu, go minic, cineál, roimh chanúintí agus mar sin de. Ach i ndáiríre, dá mba rud é gur fhoghlaim siad an teangaidh i gceart, ní shílim go mbeadh deacracht dá laghad acu.

Ansin, sílim, nuair a bhí mise ar an choláiste, is cuimhin liom go maith sa bhliain go raibh duine de na teagascóirí a bhí agam – bhí sí ag iarraidh orm 'ar an mbus' agus rudaí mar sin a ráit. Agus, ag an am sin, ní raibh mise ach ocht mbliana déag nó mar sin, agus ní raibh mé cinnte i ndáiríre an raibh an rud a bhí agamsa ó bhí mé i mo thachrán contráilte, mar sin. Nó an raibh an ceart aicise nó cibé caidé.

Ach is dóiche gur spreag sin mé fosta le dul agus rialacha a fhoghlaim agus mar sin de, sa dóigh is go mbeinn ábalta an fód a sheasamh agus go mbeinn ábalta, is dóiche, mo chanúint féin a choinneáil agus a scríobh agus a labhairt ach, ag an am chéanna, go mbeinn ábalta mo chaighdeán féin sa teangaidh a ardú. Go mbeinn ábalta dul i ngleic le téacsanna agus le réimsí eile agus mar sin de.

Faoin am seo, 'bhfuil a fhios agat, téim chuig an Oireachtas. Tá cairde agam as na Gaeltachtaí éagsúla. Bíonn an magadh maith... Nuair a bhím ag an Oireachtas, bíonn deis agam dreas cainte a dhéanamh le daoine as achan chearn den tír. Cairde de mo chuid as áiteacha éagsúla agus mar sin de. Agus bíonn sé galánta ansin, chan amháin a bheith ábalta daoine a thuigbheáil ach craic a bheith agam le daoine. Ní amháin go dtig an chiall slán, 'bhfuil a fhios agat, sa chumarsáid, ach an chraic agus an greann agus na rudaí sin uilig.

Agus sílim go léiríonn sé sin, is dóiche, go bhfuil rudaí i ndiaidh athrach go mór. Go mbíonn daoine anois ag amharc ar TG4, go mbíonn siad ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta. Agus go bhfuil muid uilig i ndiaidh dul i dtairní ar chanúintí eile. Níl eagla ar dhaoine níos mó roimh na canúintí seo. Agus tá níos mó measa á léiriú ag daoine ar chanúintí a chéile. Sílim go dtuigeann muid uilig anois na buaidheannaí<sup>2</sup> a bhaineann leis an tsaibhreas sna canúintí éagsúla sin. Bainim féin an, an-sult, caithfidh mé a ráit, as aithne a chur ar dhaoine as áiteacha eile, focla a fhoghlaim uathu agus na rudaí sin uilig.

Sílim gur sin an dearcadh ceart. Agus sin an dearcadh atá le sonrú, den chuid is mó, sílim, ó mo thaithí féin.

**1** ...freagairt... Is 'freaghairt' a deir Aodh. Is minic a shéimhítear 'g' i lár focail, mar shampla sagart > saghart.

**2** ...buidheannaí... Ní 'bua' a deirtear i dTír Chonaill, ach 'buidh'.